

## RIACHTANAS MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ LUATHFHOGHLAIM AGUS CÚRAIM CHUN RÁITEAS UM CHOSAINT LEANAÍ A FHORBAIRT NÓ A NUASHONRÚ FAOIN ACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015

### Cad é nach mór a bheith curtha san áireamh i Ráiteas um Chosaint Leanaí?

Sa Ráiteas um Chosaint Leanaí, ní mór an tseirbhís atá á soláthar a bheith sonraithe ann, chomh maith leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá le comhlíonadh chun a dheimhniú, an oiread is indéanta, go bhfuil gach aon leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís sábháilte ó dhíobháil.

### Cén fáth go bhfuil ceanglas ann Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith ag Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim?

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ceanglaítear ar gach aon soláthróir “seirbhísí ábhartha” Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith acu. Ceanglaítear go dlíthiúil ar sheirbhísí a chomhlíonann an dá chritéar thíos Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith acu:

- *Eagraíocht a sheolann seirbhísí luathbhlianta de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991 ' Agus*
- *A bhfuil duine amháin nó níos mó ná duine amháin fostaithe acu, cibé acu ar chonradh nó ar aon bhealach eile. Fágann sé sin, más rud é go gcomhlíonann do sheirbhís féin an sainmhíniú ar sheirbhís réamhscoile nó seirbhís do leanaí aoise scoile, go gceanglaítear ort Ráiteas maidir leis an gCosaint Leanaí a bheith agat faoin Acht um Chúram Leanaí 1991.*

Is ar sholáthraí na seirbhíse ábhartha atá an oibleagáid dhlíthiúil Ráiteas um Chosaint Leanaí a fhorbairt (an t-úinéir nó an Bord Bainistíochta, m.sh.).

### Cathain a bhfuil gá leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith ullmhaithe ag an tseirbhís?

Is riachtanas dlíthiúil é seo a bhaineann le seirbhísí a bhí curtha i mbun roimh don 11 Márta 2018. Tá 3 mhí ag seirbhísí nua ar bunaíodh iad tar éis an dáta seo chun Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm ón tráth a osclaítear iad.



## **An gá dom an Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur ar fáil?**

Is gá, caithfidh tú an Ráiteas um Chosaint Leanaí a scaipeadh ar gach uile duine ar an fhoireann. Ní mór é a chur ar taispeáint go poiblí agus a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí, do dhaoine óga, do Tusla agus do dhaoine den phobal, ach iarratas a bheith faighte leis.

## **Bhí Polasaí Cosanta agus Leasa Leanaí i bhfeidhm againn roimhe seo.**


### **An bhfuil ceanglas orm Ráiteas um Chosaint Leanaí a fhorbairt?**

Tá. Ceanglaítear go dlíthiúil ar gach seirbhís luathfhoghlama agus cúraim Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith acu, chomh maith le Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a ghabhann leo. Tabharfar Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí ar an bPolasaí Cosanta agus Leasa Leanaí as seo amach, agus beidh go leor de na Beartais agus Nósanna Imeachta atá riachtanach ann cheana féin.

## **Cad a tharlaíonn más rud é nach bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí agam?**

Ar aon dul leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá clár neamhchomhlíonta ann atá curtha i mbun ag Tusla agus a dhéanann an eagraíocht sin é a chothabháil, le haghaidh soláthraithe seirbhíse a dteipeann orthu cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur isteach do Tusla nuair a iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh. Is féidir le haon soláthróir nó duine den phobal faisnéis (faisnéis gan iarraidh faoin tseirbhís nó ábhair imní faoin tseirbhís) a thuirisciú don Aonad Comhlíonta Ráiteas um Chosaint Leanaí Tusla, (CSSCU) maidir le seirbhís ábhartha nach bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm ann nó a bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm ann nach sásaíonn ceanglais an Achta.

Is féidir le CSSCU Tusla's teagmháil a dhéanamh le haon seirbhís a bhfuil faisnéis aige fúthu agus is féidir leis cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí a iarraidh tráth ar bith. Má theipeann ort cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur ar fáil do Tusla nuair a iarrtar ort amhlaidh a dhéanamh, glacfar céimeanna de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, agus féadfar sé a tarlú go gcuirfí do sheirbhís ar an gClár Neamhchomhlíonta, gur clár poiblí é.



**Ba chóir go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas curtha san áireamh sa Ráiteas um Chosaint Leanaí agat:**

**Ba chóir cad iad na seirbhísí atá curtha ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bheith leagtha amach ann**

- 1. An cineál seirbhíse atá ann, chomh maith leis na prionsabail atá i bhfeidhm ann chun leanaí a chosaint ó dhíobháil:** Ba chóir breac-chuntas a bheith ar fáil sa Ráiteas um Chosaint Leanaí ar na prionsabail atá agat chun leanaí a chosaint, chomh maith leis na gníomhaíochtaí agus seirbhísí éagsúla atá curtha ar fáil agat do leanaí agus do dhaoine óga. Ba chóir go luafadh sé an tiomantas atá agat leanaí a choinneáil slán. *(Tá samplaí de na prionsabail seo ar fáil sa teimpléad thíos)*

- 2. An measúnú riosca**

Caithfidh measúnú scríofa a bheith sa Ráiteas um Chosaint Leanaí ar an riosca 'díobhála' atá ann do leanbh **nuair atá sé ag freastal ar do sheirbhís.**

Is é an sainmhíniú atá ar an díobháil san Acht um Tús Áite do Leanaí ná;

- Drochíde nó faillí a bheith déanta don leanbh ar bhealach a dtéann i bhfeidhm go mór ar shláinte, fhorbairt nó leas an linbh, nó a bhfuil sé dóchúil go mbeadh an tionchar sin aige air, nó
  - Mí-úsáid ghnéasach a bheith déanta don leanbh

Ní mór liosta de na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú atá sainaitheanta agus luaite sa mheasúnú riosca.

Níl an measúnú riosca atá sa Ráiteas um Chosaint Leanaí ann ach amháin chun riachtanais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh agus ní áireofar aon rioscaí do leanaí ann a d'fhéadfadh tarlú a bhaineann le saincheistanna ginearálta maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.



### 3. Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

San Acht um Thús Áite do Leanaí, tá roinnt nósanna imeachta liostaithe nach mór iad a bheith shonraithe sa Ráiteas um Chosaint Leanaí:

- An nós imeachta chun aon rioscaí atá sainaitheanta a bhainistiú
- An nós imeachta chun líomhantí faoin mí-úsáid nó mí-iompar i gcoinne oibrithe/saorálaithe
- An nós imeachta chun oibrithe agus saorálaithe a earcú agus a roghnú go sábháilte chun obair i gcuideachta leanaí
- An nós imeachta chun oiliúint agus faisnéis faoi chosaint leanaí a sholáthar agus chun rochtain a fháil orthu, lena n-áirítear tarlú díobhála a aithint
- An nós imeachta chun tuairisc a thabhairt do Tusla maidir le hábhair inní um chosaint leanaí nó leas leanaí
- Níos imeachta chun liosta de na daoine (más dóibh) sa tseirbhís ábhartha gur daoine sainordaithe iad
- An nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh.

Beidh go leor de na beartais agus na nósanna imeachta a theastaíonn i Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm i do sheirbhís cheana féin. Chun tuilleadh eolais a fháil ar conas na beartais agus na nósanna imeachta seo a fhorbairt nó a nuashonrú féach - an Chosaint Leanaí; Treoir maidir leis an bPolasaí, Gnásanna agus an gCleachtas [https://www.tusla.ie/uploads/content/Tusla - Child Safeguarding - A Guide for Policy, Procedure and Practice.pdf](https://www.tusla.ie/uploads/content/Tusla_-_Child_Safeguarding_-_A_Guide_for_Policy,_Procedure_and_Practice.pdf)

### 4. An Feidhmiú agus an tAthbhreithniú

Ba cheart go mbeadh ionduchtú, oiliúint agus maoirseacht ar fáil don fhoireann maidir le Feidhmiú gach uile Bheartas, Nós Imeachta agus Cleachtas um Chosaint Leanaí. Ba cheart go mbeadh Plean Forfheidhmithe sa tseirbhís, agus leagtha amach ann cé hiad na daoine a bheidh freagrach as a chinntiú go mbeidh an plean éifeachtach. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh uair amháin, ar a laghad, tráth gach 24 mí, nó roimhe sin fiú, más rud é go ndéantar athrú ábhartha maidir le haon cheist a bhfuil tagairt déanta dó sa ráiteas.

